



Iascach Intíre Éireann
Inland Fisheries Ireland

Leabhrán na Scéime Tacaíochta d'Iascairí Eascann

Ciste Tacaíochta suas go €3.0 milliún a chur i bhfeidhm thar thrí bliana d'fhonn méid áirithe faoisimh a chur ar fáil d'iascairí a bhfuil cruatan á fhulaingt acu mar thoradh ar chinneadh an Rialtais ailíniú iomlán a dhéanamh le comhairle eolaíochta maidir le stoic eascann ón mbliain 2009 ar aghaidh.

1 An Scéim

Tá 'Ciste Tacaíochta' €3 mhilliún, thar thréimhse trí bliana bunaithe ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil chun aghaidh a thabhairt ar an gcruatan atá fulaingthe ag iascairí eascann tráchtála a ndearnadh difear dóibh mar thoradh ar chinneadh an Rialtais maidir leis an iascach eascann fiáin a ailíniú go hiomlán, ón mbliain 2009 ar aghaidh, leis an gcomhairle eolaíochta ón mBuanchoiste Eolaíochta ar Eascanna.

1.1 Cúlra

Tá neart fianaise ann faoi stádas na stoc eascann in Éirinn agus in áiteanna eile agus is léir go bhfuil meath mór tagtha orthu le blianta beaga anuas.

1.2 Oibleagáidí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

Mar thoradh ar chomhairle ó ICES go bhfuil an stoc i mbaol, chuir Coimisiún AE Plean Téarnaimh d'Eascanna (CE 1000/2007) lenar ceanglaíodh ar na ballstáit go léir pleananna bainistíochta náisiúnta a chruthú d'fhonn cabhrú le téarnamh an stoic eascann Eorpach.

Luaitear an méid seo a leanas sa rialachán:

"Is é is cuspóir do gach Plean Bainistíochta Eascann ná laghdú a dhéanamh ar mhortlaíocht antrapaigineach le go mbeidh dóchúlacht ard ann gur féidir le 40% ar a laghad den bhithmhais eascann geal éalú chuig an bhfarraige, i gcoibhneas leis an meastachán is fearr ar an staid a bheadh ann maidir le héalú dá mba rud é nár imríodh aon tionchair antrapaigineacha ar an stoc".

Faoin Rialachán CE, is ceart do Bhallstáit faireachán a dhéanamh ar an stoc eascann, measúnú a dhéanamh ar ráta reatha éalaithe eascann agus iarmheasúnú a dhéanamh ar ghníomhartha bainistíochta atá curtha i bhfeidhm agus é mar aidhm acu laghdú a dhéanamh ar mhortlaíocht eascann agus méadú a dhéanamh ar éalú eascann. Dhéanfaí na pleananna bainistíochta sin a mheasúnú gach 3 bliana go dtí an bhliain 2018 agus, ina dhiaidh sin, gach 6 bliana. Go dtí seo tá tuarascálacha ar dhul chun cinn ullmhaithe ag Éirinn sna blianta 2012, 2015 agus 2018.

Liostaíodh an eascann Eorpach in Iarscríbhinn II den Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis i mBaol (CITES) sa bhliain 2007, cé nár tháinig sé sin i bhfeidhm go dtí an bhliain 2009. Ó shin i leith, ní mór cead 'Cinneadh Neamhdhíobhála' a bheith ann i ndáil le haon trádáil idirnáisiúnta sa speiceas seo. Ceadaítear trádáil laistigh de theorainneacha AE. De réir mheasúnacht an Aontais Idirnáisiúnta do Chaomhnú an Dúlra (IUCN), tá an eascann Eorpach 'i

mbaol an-mhór' agus liostaíodh sa Liosta Dearg í sa bhliain 2007 agus rinneadh an liosta sin a athnuachan sa bhliain 2014.

Tá Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Speicis Imirceacha (CMS) sínithe ag Éirinn, ar coinbhinsiún é inar tarraingíodh aird ar an drochbhail atá ar an stoc eascann, agus, sa bhliain 2014, cuireadh an eascann Eorpach le hlarscríbhinn II de CMS ar dá réir a d'éiligh na páirtithe sa Choinbhinsiún (a chlúdaíonn beagnach dáileadh iomlán na heascaine Eorpaí) go ndéanfaí gníomhartha comhoibríocha caomhantais a fhorbairt i measc na raon-stát.

1.3 An Buachoiste Eolaíochta ar Eascanna

Faoi bPlean Náisiúnta Bainistíochta Eascann, cuireadh Grúpa Eolaíochta Eascann (SEG) ar bun agus cuimsíonn sé comhairleoirí eolaíochta ó eagraíochtaí éagsúla in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Sa bhliain 2010, athbhunaíodh SEG mar Bhuanchoiste Eolaíochta ar Eascanna faoi alt 7(5)(a) den Acht um Iascach Intíre (2010). Is é is cuspóir don choiste ná comhairle eolaíochta neamhspleách a sholáthar mar threoir d'Iascach Intíre Éireann le linn cinní bainistíochta agus beartais a dhéanamh a bhfuil gá leo chun caomhnú agus saothrú inbhuanaithe stoic eascann na hÉireann a chinntiú. Tuairiscíonn an grúpa d'Iascach Intíre Éireann ar bhonn bliantúil agus ullmhaíonn sé tuarascáil eolaíochta mar chuid den mheasúnú ar na pleananna bainistíochta nach mór iad a chur ar fáil don Aontas Eorpach gach trí bliana.

1.4 An Iascach Eascann a Scor

Sa bhliain 2008, tugadh isteach bearta bainistíochta iascaigh fad a bhí na pleananna bainistíochta eascann á ndrúchtú. Is é a lean as sin ná laghdú ar an séasúr iascaireachta buí agus ar an séasúr iascaireachta geal agus teorainn a chur ar an líon ceadúnas a eisítear.

Bhunaigh Éire cúig Aonad Bainistíochta Eascann Abhantraí (EMU) agus EMU trasteorann amháin agus rinne sí measúnacht ar an leibhéal éalaithe chuig an bhfarraige i gcás eascanna geala i gcoibhneas le leibhéal stairiúla. Measadh go raibh 3 cinn de na 6 Aonad Bainistíochta Eascann (EMU) in Éirinn faoi bhun na sprice 40% sa bhliain 2018 (Ceantar Abhantraí an Iarthair (WRBD), SHIRBD (Ceantar Abhantraí Idirnáisiúnta na Sionainne), NWIRBD (Ceantar Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt) agus go raibh 3 abhantrach os cionn na sprice 40% (EMU an Oirthir (Ceantar Abhantraí an Oirthir (ERBD) agus Ceantar Abhantraí Loch nEachach agus na Banna (NBRBD)), Ceantar Abhantraí an Oirdheiscirt agus Ceantar Abhantraí an Iardheiscirt. Ar scála náisiúnta, bhí ráta éalaithe 25% ag Éirinn i gcomparáid le dálaí stairiúla gan truailliú.

I bhfianaise impleachtaí na comhairle eolaíochta, i bhfianaise an bhreithnithe ar impleachtaí praiticiúla bainistíochta agus i bhfianaise an ghá leis an stoc a chaomhnú agus a athbhunú sa tréimhse ama ba ghiorra agus ab fhéidir (agus sin ag brath ar gníomhartha coibhéiseacha ar fud na hEorpa), glacadh an cur chuige réamhchúramach de réir mar a mhol an Grúpa Oibre Náisiúnta Eascann agus dúnadh an t-iascach eascann sa bhliain 2009. Déantar na hiascaigh eascann in uiscí taoide agus in uiscí trasdultacha a bhainistiú faoin reachtaíocht a bhaineann le hIascach Intíre agus faoi struchtúir bhainistíochta agus i bhfianaise an easpa modhanna cuí chun meastachán a dhéanamh ar dhlúis na stoc eascann agus ar éalú eascann in uiscí trasdultacha, glacadh an cur chuige réamhchúramach freisin de réir mar a mhol an Grúpa Oibre Náisiúnta Eascann agus dúnadh an t-iascach eascann in uiscí trasdultacha agus in uiscí taoide an tráth céanna.

2 An Ciste Tacaíochta

Is ionann an ciste agus íocaíocht chúitimh atá dírithe go sonrach ar iascairí eascann a bhí ceadúnaithe/ceadaithe chun gabháil d'iascaireacht san iascach eascann tráchtála sa bhliain **2007**.

2.1 Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?

Tá an ciste ar fáil d'iarshéalbhóirí ceadúnais eascann tráchtála a raibh ceadúnas iascaireachta eascann ó Bhord Iascaigh Réigiúnach acu faoina n-ainm féin nó a bhí ainmnithe ar chead iascaireachta eascann BSL sa bhliain **2007**.

2.2 Cathain a bheidh an scéim ar oscailt?

Beidh an scéim ar oscailt chun glacadh le hiarratais ón **22 Deireadh Fómhair 2018** agus ní mór iarratais a fháil **faoi 5.00pm ar an 30 Samhain 2018**. Tabharfar admháil maidir le gach iarratas a gheofar. Más rud é nach bhfaighidh tú admháil, déan teagmháil, le do thoil, le hoifig riaracháin na scéime:

An Scéim Tacaíochta d'Iascairí Eascann

Iascach Intíre Éireann

Teach Breac

Oileán an Iarla

Gaillimh H91 E2A2.

Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha.

2.3 An Tréimhse Íocaíochta

Beidh íocaíochtaí á ndéanamh thar thréimhse trí bliana agus íocfar na méideanna ina dt trí, nó ina gceithre, thráthchuid. Déanfar an chéad thráthchuid neamh-inchánach a íoc (má fhóráonn, agus má cheadaíonn, Iascach Intíre Éireann an t-iarratas) roimh **an 31 Nollaig 2018**. Faoi réir fóirúchán a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim, tá sé beartaithe an chéad thráthchuid inchánach a íoc roimh **an 31 Nollaig 2018** freisin. Déanfar an dá thráthchuid eile a íoc ar an 1 Iúil sa dá bhliain ina dhiaidh sin (2019 agus 2020).

2.4 Soiléiriú

Chun amhras a sheachaint, i gcás ina raibh ceart maoinne ag duine ar iascach eascann, ní dhéanann an scéim seo difear do na cearta maoinne sin. Má bhí ceadúnas acu tá siad i dteideal iarratas a dhéanamh i ndáil leis an Scéim Tacaíochta.

Níl an scéim oscailte ach amháin do na daoine sin a raibh ceadúnas iascaireachta eascann de chuid Boird Réigiúnaigh Iascaigh (ceadúnas Stáit) acu nó a bhí ainmnithe i gcead iascaireachta eascann BSL sa bhliain **2007**. Ní mór don iarshealbhóir ceadúnais an t-iarratas a dhéanamh agus ní féidir le haon duine eile é a dhéanamh. I gcás ina gceadaítear duine le haghaidh íocaíochta agus go bhfaigheann an duine sin bás ina dhiaidh sin, fabhróidh an íocaíocht d'eastát an duine sin, ach sin faoi réir rialacha iomchuí na gCoimisinéirí Ioncaim.

2.5 Critéir

I ngach cás, beidh ar na daoine a cháilíonn le haghaidh na híocaíochta díri an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Iarratas a dhéanamh:
- Mionsonraí pearsanta sonracha áirithe a sholáthar (ar mionsonraí iad nach n-úsáidfeadh ach amháin chun crostagairt a dhéanamh idir taifid Iascach Intíre Éireann maidir le ceadúnais nó idir taifid BSL maidir le sealbhóirí ceada agus a gcuid gabhálacha);
- Gealltanais a thabhairt gach aon iarratas a dhéanamh ina dhiaidh sin ar cheadúnas ná ar chead iascaireachta tráchtála eascann (ar mhaithe le fóimhar);
- A gcuid líonta a dhíchoimisiú nó ar mhodh infhíoraithe chun sástacht Iascach Intíre Éireann. Féadfaidh Iascach Intíre Éireann coimeád líonta a dheimhniú in imthosca áirithe.
- I gcás ina gceadaítear iarratas, ní mór don iarratasóir a bheith in ann na nósanna imeachta iomchuí maidir le himréiteach cánach a chomhlíonadh an tráth a n-íocfar an deontas.

2.6 Téarmaí agus Coinníollacha Sonracha

Is ceart d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire go mbeidh feidhm ag na téarmaí agus ag na coinníollacha seo a leanas maidir le gach iarratas. Áireofar na nithe seo a leanas i measc na dtéarmaí agus na gcoinníollacha, gan bheith teoranta do na nithe sin:

- Forchoimeádann Iascach Intíre Éireann an ceart chun coinníollacha na scéime seo agus/nó na critéir roghnúcháin a athrú nó a leasú nó chun an scéim a chur ar fionraí nó scéim eile a chur in ionad na scéime;
- Ní hionann admháil i leith aon iarratais ar leith agus aon chineál teidlíochta chun aon chineál íocaíochta a fháil ná ní ceart don iarratasóir aon chúnamh a thugann oifigigh de chuid Iascach Intíre Éireann dó/di a fhorléiriú mar léiriú d'aon chineál go dtiocfaidh íocaíocht chun bheith iníoctha leis/léi;
- Aon duine a chiontaítear in aon chion faoi na hAchtanna lascaigh nó in aon chion a chruthaítear de bhun aon fhorála lena leasaítear nó lena n-ionadaítear forálacha an chion faoi na hAchtanna lascaigh, caillfidh sé/sí gach teidlíocht chun íocaíochtaí a fháil faoin Scéim agus aisíocfaidh sé/sí gach tráthchuid den íocaíocht a bheidh faighte aige/aici, móide ús ó lá na híocaíochta de réir ráta EURIBOR + 2%. De bhreis air sin, forghéillfidh sé/sí teidlíocht chun aon íocaíochtaí eile a fháil má tharlaíonn sé sin laistigh d'amscála na scéime agus má thagann íocaíochtaí chun bheith dlite.

3 Próiseas Achomhairc

Aon iarratasóir atá míshásta le méid na híocaíochta a thairgtear – de réir théarmaí agus choinníollacha na scéime – nó le diúltú íocaíocht a thairiscint – de réir théarmaí agus choinníollacha na scéime – agus é/í in ann a chruthú gur chomhlíon sé/sí na téarmaí agus na coinníollacha seo ina n-iomláine, tá an ceart aige/aici achomharc a dhéanamh. Ní féidir breithniú a dhéanamh ar achomhairc a bhaineann le haon ní nach dtagann faoi réim théarmaí agus choinníollacha na scéime.

Is ceart achomhairc, agus na doiciméid go léir a bhaineann leis an éileamh, a chur chuig:

An Scéim Tacaíochta d'Iascairí Eascann
An tOifigeach Achomhairc
An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
Elm House
Elm Bank
An Cabhán
H12 A8H7

Is é an dáta deiridh a nglacfar le hachomhairc an **1 Feabhra 2019**.

4 Mionsonraí faoi Leibhéal na hÍocaíochta Tacaíochta

Ceanglas Éigeantach

Níl an scéim oscailte ach amháin do na daoine sin a raibh ceadúnas iascaireachta eascann de chuid Boird Réigiúnaigh Iascaigh (ceadúnas Stáit) acu nó a bhí ainmnithe i gcead iascaireachta eascann BSL **sa bhliain 2007**.

Íocaíocht ar bhonn Ceadúnais

- Déanfar an íocaíocht i leith an t-iarraitasóir a bheith ina shealbhóir/sealbhóir ar cheadúnas/cead sa bhliain lena mbaineann seachas i leith gach ceadúnas/cead ar leith a shealbhaítear.
- Má bhí ceadúnas stáit ag ceadúnaí, agus más rud é go raibh sé/sí ina shealbhóir/sealbhóir ar Chead BSL an bhliain chéanna, gheobhaidh sé/sí an chreidiúint iomlán maidir leis an gceadúnas a shealbhú don bhliain lena mbaineann.
- I gcás ina raibh Ceadanna BSL á sealbhú faoi dhá ainm, déanfar íocaíochtaí ar bhonn ceadúnais a roinnt go cothrom idir na daoine ainmnithe.
- Ní bhaineann an Scéim seo le hainmnithe ar cheadúnais iascaireachta eascann.

Íocaíocht ar bhonn Gabhála

- Déanfar íocaíocht inchánach ar bhonn thuairisceáin na gabhála dearbhaithe a sholáthraítear d'Iascach Intíre Éireann nó do BSL le haghaidh na mblianta lena mbaineann, ar íocaíocht mheánaithe í i dtaca leis an líon blianta tagra (2003 - 2007).
- Má tá dhá ainm ar chead BSL, déantar an ghabháil a roinnt go cothrom idir an bheirt iascairí ainmnithe.

4.1 Samplaí d'Íocaíochtaí ar bhonn Ceadúnas Boird Iascaigh Réigiúnaigh (Ceadúnas Stáit)/Cead BSL

Tá an ghné seo den íocaíocht díolmhaithe ó cháin. Más rud é gur sealbhaíodh ceadúnas stáit nó cead BSL **sa bhliain 2007**, déantar taifead an iascaire do na blianta roimhe sin a chur san áireamh.

Na blianta inar sealbhaíodh Ceadúnas Stáit/Cead BSL	2003	2004	2005	2006	2007
Íocaíocht ar bhonn Ceadúnas Stáit	€4,000	€3,500	€3,000	€2,500	€1,000
NÓ: Íocaíocht ar bhonn Cead BSL (cead a shealbhaítear faoi ainm amháin)	€4,000	€3,500	€3,000	€2,500	€1,000
NÓ: Cead BSL a shealbhaítear faoi dhá ainm - íocaíocht ar bhonn ceada do gach iascaire ainmnithe	€2,000	€1,750	€1,500	€1,250	€500

Bandaí íocaíochta i leith na meánghabhála i leith na mblianta ina ndearnadh iascaireachta sna blianta tagra

Banda	Meánghabháil Dhearbhaithe 2003 - 2007	Banda Íochtarach Kg.	Banda Uachtarach Kg.	Tá méid na híocaíochta bunaithe ar an Meánghabháil a dhearbhaíonn iascairí d'Iascach Intíre Éireann nó do BSL.
Banda 1	Gabháil ar bith	0	0	€0
Banda 2	Meánghabháil dhearbhaithe idir 1 kg - 50 kg i leith na mblianta inar sealbhaíodh ceadúnas nó cead	1 kg	50 kg	€1,000
Banda 3	Meánghabháil dhearbhaithe idir 51 kg - 150 kg i leith na mblianta inar sealbhaíodh ceadúnas nó cead	51 kg	150 kg	€1,500
Banda 4	Meánghabháil dhearbhaithe idir 151 kg - 300 kg i leith na mblianta inar sealbhaíodh ceadúnas nó cead	151 kg	300 kg	€3,000
Banda 5	Meánghabháil dhearbhaithe idir 301 kg - 650 kg i leith na mblianta inar sealbhaíodh ceadúnas nó cead	301 kg	650 kg	€6,000
Banda 6	Meánghabháil dhearbhaithe idir 651 kg - 1,000 kg i leith na mblianta inar sealbhaíodh ceadúnas nó cead	651 kg	1,000 kg	€10,000
Banda 7	Meánghabháil dhearbhaithe idir 1,001 kg - 1,500kg i leith na mblianta inar sealbhaíodh ceadúnas nó cead	1,001 kg	1,500 kg	€13,000
Banda 8	Meánghabháil dhearbhaithe idir 1,501 kg - 2,000 kg i leith na mblianta inar sealbhaíodh ceadúnas nó cead	1,501 kg	2,000 kg	€16,000
Banda 9	Meánghabháil dhearbhaithe idir 2,001 kg - 4,000 kg i leith na mblianta inar sealbhaíodh ceadúnas nó cead	2,001 kg	4,000 kg	€21,000
Banda 10	Meánghabháil dhearbhaithe os cionn 4,001 kg i leith na mblianta inar sealbhaíodh ceadúnas nó cead	4,001 kg	Gan teorainn	€23,000

4.2 Samplaí d'íocaíochtaí agus an tslí ina ríomhtar iad:

Seo a leanas trí shampla d'íocaíochtaí féideartha agus an slí ina ríomhtar iad.

Sampla 1 - íocaíocht ar bhonn Ceadúnais/Ceada: Tá ceadúnas ag an iarratasóir sa bhliain 2007

Ainm	Ceadúnas Stáit 2003	Ceadúnas Stáit 2004	Ceadúnas Stáit 2005	Gan aon Cheadúnas Stáit 2006	Ceadúnas Stáit 2007
Joe Bloggs	Sea	Sea	Sea	Ní hea	Sea
Méid:	€4,000	€3,500	€3,000	€0	€1,000
Iomlán:	€11,500				

Sampla 1B - íocaíocht inchánach i leith gabhála:

Ainm	Gabháil Dhearbhaithe 2003	Gabháil Dhearbhaithe 2004	Gabháil Dhearbhaithe 2005	Gabháil Dhearbhaithe 2006	Gabháil Dhearbhaithe 2007
Joe Bloggs	75 Kg	81 Kg	49 Kg	0 Kg	60 Kg
Meánghabháil thar 4 bliana	66.25 Kg				
Íocaíocht Bhandá 3	€1,500				
Iomlán:	€1,500				

Iomlán: €11,500 móide €1,500 (inchánach).

Is é atá sa dara sampla ná sampla d'iascaire a rinne iascaireacht le ceadúnas stáit agus le cead comhroinnte BSL.

Sampla 2A - íocaíocht ar bhonn Ceadúnas Stáit/Cead BSL: Tá ceadúnas/cead ag an iarratasóir sa bhliain 2007

Ainm	Ceadúnas Stáit 2003	Ceadúnas Stáit 2004	Cead Comhroinnte BSL 2005 Gan aon cheadúnas stáit	Cead Comhroinnte BSL 2006 Ceadúnas stáit 2006	Ceadúnas Stáit 2007
Joe Bloggs	Sea	Sea	Sea (50%)	Sea	Sea
Méid:	€4,000	€3,500	€1,500	€2,500	€1,000
Iomlán:	€12,500				

Sampla 2B - íocaíocht inchánach i leith gabhála

Ainm	Gabháil Dhearbhaithe 2003	Gabháil Dhearbhaithe 2004	Gabháil Dhearbhaithe le cead BSL - faoi 2 ainm - 50% ceadaithe	Iomlán ina gcuimsítear 50% den ghabháil BSL agus an ghabháil ar fad leis an gceadúnas. 2006	Gabháil Dhearbhaithe 2007
Joe Bloggs	140 Kg	180 Kg	130 Kg	260 Kg	120 Kg
Meánghabháil thar 5 bliana	166Kg				
Íocaíocht Bhandá 4	€3,000				
Iomlán:	€3,000				

Iomlán: €11,250 móide €3,000 (inchánach).

Is é atá sa tríú sampla ná sampla d'iascaire a rinne iascaireacht le ceadúnas stáit agus le cead comhroinnte BSL.

Sampla 3A– íocaíocht ar bhonn Ceadúnais/Ceada:

Ainm	Cead Comhroinnte BSL 2003 Gan aon cheadúnas stáit	Ceadúnas Stáit 2004	Cead Comhroinnte BSL 2005 Gan aon cheadúnas stáit	Gan aon cheadúnas ná cead	Ceadúnas Stáit 2007
Joe Bloggs	Sea (50%)	Sea	Sea (50%)	Ní hea	Sea
Méid:	€2,000	€3,500	€1,500	€0	€1,000
Iomlán:	€8,000				

Sampla 3B - íocaíocht inchánach i leith gabhála:

Ainm	Gabháil Dhearbhaithe 2003 2 ainm ar an gcead 50% den ghabháil iomlán	Gabháil Dhearbhaithe 2004	Gabháil Dhearbhaithe le cead BSL - faoi 2 ainm - 50% ceadaithe	Iomlán ina gcuimsítear 50% den ghabháil BSL agus an ghabháil ar fad leis an gceadúnas. 2006	Gabháil Dhearbhaithe 2007
Joe Bloggs	325 Kg	520 Kg	480 Kg	0 Kg	725 Kg
Meánghabháil thar 4 bliana	512.50Kg				
Íocaíocht Bhandá 5	€6,000				
Iomlán:	€6,000				

Iomlán: €8,000 móide €6,000 (inchánach).

5 Dátaí Tábhachtacha

Tosófar ag glacadh le hiarratais ar an **22 Deireadh Fómhair 2018**. Is é an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais an **30 Samhain 2018** - glacfar le hachomhairc suas go dtí an **1 Feabhra 2019**. I gcás iarratasóirí a cháilíonn don scéim, tabharfar fógra dóibh laistigh de 3 seachtaine agus cuirfear leibhéal na n-íocaíochtaí in iúl dóibh. Is é an dáta deiridh ar féidir le hiarratasóirí glacadh le tairiscintí an 1 Márta 2019 (is é sin, an dáta is déanaí ar féidir leis/léi a chur in iúl gur mian leis/léi glacadh leis an tairiscint) (i gcás nach bhfuil an t-iarratas faoi réir achomhairc). Déanfar íocaíochtaí ar an mbonn go bhfuil trealamh iascaireachta ag an iarratasóir agus é diúscartha go hinfhíoraithe agus ar mhodh cuí ó thaobh cúrsaí comhshaoil de. Is gá litir shínithe glactha a bheith ann, agus téarmaí agus coinníollacha sonraithe ag gabháil léi, sula scaoilfear íocaíocht.

Déanfar íocaíocht go leictreonach ach amháin in imthosca eisceachtúla an-sonrach.

6 Cé a bhainistíonn an Scéim

Déanfaidh Iascach Intíre Éireann an scéim a bhainistiú ar bhonn riaracháin thar thréimhse trí bliana.

7 An Modh ina ndéantar Achomharc

I ngach cás, beidh feidhm ag nós imeachta neamhspleách achomhairc i leith cinntí a dhéanann an t-údarás riaracháin. Féadfaidh iarratasóirí nach n-éiríonn lena n-iarratas achomharc a dhéanamh i gcoinne chinneadh an údaráis riaracháin trí achomharc i scríbhinn a chur faoi bhráid an Oifigigh Achomhairc neamhspleách a bheidh ceaptha ag Ard-Rúnaí na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil chun críche na scéime seo.

Is ceart gach achomharc a sheoladh chuig:

An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
Elm House
Elm Bank
An Cabhán
H12 A8H7

8 Sárú ar na Rialacháin Reatha

Aon duine a chiontaítear in aon chion faoi na hAchtanna lascaigh nó in aon chion a chruthaítear de bhun aon fhorála lena leasaítear nó lena n-ionadaítear forálacha an chiona faoi na hAchtanna lascaigh, caillfidh sé/sí gach teidlíocht chun íocaíochtaí a fháil faoin Scéim agus aisiócfaidh sé/sí gach tráthchuid den íocaíocht a bheidh faighte aige/aici, móide ús ó lá na híocaíochta de réir ráta EURIBOR + 2%. De bhreis air sin, forghéillfidh sé/sí teidlíocht chun aon íocaíochtaí eile a fháil má tharlaíonn sé seo laistigh d'amscála na scéime agus má thagann íocaíochtaí chun bheith dlite.

9 Conas Iarratas a Dhéanamh

Tá foirmeacha iarratais le haghaidh na Scéime Tacaíochta d'Iascairí Eascann ar fáil lena n-íoslódáil ó www.fisheriesireland.ie nó ó aon Oifig Ceantair Abhantraí de chuid Iascach Intíre Éireann (féach an liosta ar leathanach 13 le do thoil).

Iarratais a dhéantar leis an bpost

Ní mór **Iarratais Phoist** a chur ar aghaidh leis an bpost cláráithe agus ní mór cruthúnas infhíoraithe ar chéannacht a bheith ag gabháil leo (**is é atá SAN AON CHRUTHÚNAS AMHÁIN a nglactar leis i gcás iarratais phoist ná cóip den doiciméad céannachta agus í stampáilte agus sínithe ag Garda**).

Is ceart iarratais phoist a chur leis an bpost cláráithe chuig an seoladh seo a leanas:

**An Scéim Tacaíochta d'Iascairí Eascann
Iascach Intíre Éireann
Teach Breac
Oileán an Iarla
H91 E2A2
Gaillimh
Éire**

Iarratais a dhéantar De Láimh

Is féidir foirmeacha iarratais comhlánaithe a thíolacadh de láimh in aon Oifig Ceantair Abhantraí de chuid Iascach Intíre Éireann (féach an liosta iomlán d'oifigí cuí ar leathanach 13).

Cruthúnais Bhunaidh ar Chéannacht

I gcás iarratais a dhéantar de láimh, **NÍ FÉIDIR ACH** cruthúnais bhunaidh ar chéannacht a ghlacadh. I gcás ina ndéantar cruthúnais bhunaidh ar chéannacht a thíolacadh mar chuid d'iarratas, déanfar an doiciméad céannachta bunaidh a chóipeáil agus tabharfar ar ais don iarratasóir é i bpearsa **tráth tíolactha agus fíoraithe an doiciméid lena mbaineann**.

Maidir le gach cóip de dhoiciméad céannachta, ní úsáidfeadh iad ach amháin chun críocha na scéime agus ní choimeádfadh lascach Intíre Éireann iad nuair a bheidh deireadh leis an scéim.

<p>Ceannoifig lascach Intíre Éireann lascach Intíre Éireann 3044 Céide an Locha Campas Gnó Iarthar na Cathrach Baile Átha Cliath 24 D24 Y265 Éire +353 (0)1 8842 600</p>	<p>Iascach Intíre Éireann, Baile Átha Cliath lascach Intíre Éireann 3044 Céide an Locha Campas Gnó Iarthar na Cathrach Baile Átha Cliath 24 D24 Y265 Éire +353 (0)1 2787022</p>
<p>Iascach Intíre Éireann, Cluain Meala lascach Intíre Éireann Sráid Anglesea Cluain Meala Co. Thiobraid Árann E91 RD25 Éire +353 (0)52 6180 055</p>	<p>Iascach Intíre Éireann, Maigh Chromtha lascach Intíre Éireann Sunnyside House Maigh Chromtha Co. Chorcaí P12 X602 Éire +353 (0)26 41222</p>
<p>Iascach Intíre Éireann, Luimneach lascach Intíre Éireann Páirc Ghnó Ashbourne Bóthar an Duga Luimneach V94 NPEO Éire +353 (0)61 300238</p>	<p>Iascach Intíre Éireann, Gaillimh lascach Intíre Éireann Teach Breac Oileán an Iarla Gaillimh H91 E2A2 Éire +353 (0)91 563118</p>
<p>Iascach Intíre Éireann, Béal an Átha lascach Intíre Éireann Ardnaree House Sráid na Mainistreach Béal an Átha Co. Mhaigh Eo F26 KO29 Éire + 353 (0)96 22788</p>	<p>Iascach Intíre Éireann, Béal Átha Seanaidh lascach Intíre Éireann Bóthar an Stáisiúin Béal Átha Seanaidh Co. Dhún na nGall F94 WV76 Éire +353 (0)71 9851435</p>
<p>Láithreán Gréasáin lascach Intíre Éireann: www.fisheriesireland.ie Seoladh ríomhphoist le haghaidh iarratas ar Scéim lascach Intíre Éireann: eelsupport@fisheriesireland.ie</p>	



FOIRM IARRATAIS

AN SCÉIM TACAÍOCHTA D'IASCAIRÍ EASCANN

Treoracha d'Iarratasóirí

- Ní ghlacfar le haon iarratais seachas iarratais a dhéantar ar an bhfoirm iarratais oifigiúil.
- Ní fhéadfar ach 1 iarratas a dhéanamh in aghaidh an cheadúnaí; má thíolactar níos mó ná 1 iarratas cuirfear na hiarratais go léir ar ais chuig an iarratasóir lena mbaineann agus ní dhéanfar an t-iarratasóir sin a bhreithniú tuilleadh.
- Is féidir iarratais a chur ar aghaidh leis an bpost nó is féidir iad a sheachadadh de láimh.
 - Ní mór **iarratais Phoist** a chur ar aghaidh leis an bpost cláraithe agus ní mór cruthúnas infhíoraithe ar chéannacht a bheith ag gabháil leo (is é atá **SAN AON CHRUTHÚNAS AMHÁIN** a nglacfar leis i gcás iarratais phoist ná cóip den doiciméad céannachta agus í stampáilte **agus** sínithe ag Garda). I ngach cás, is faoin iarratasóir atá sé deimhniú postála a fháil.
 - **iarratais a sheachadtar de láimh** - is féidir iarratais chomhlánaithe a thíolacadh de láimh in aon Cheannoifig Cheantair Abhantraí de chuid Iascach Intíre Éireann. I gcás iarratais a dhéantar de láimh, **NÍ FÉIDIR ACH** cruthúnais bhunaidh ar chéannacht a ghlacadh. I gcás ina ndéantar cruthúnais bhunaidh ar chéannacht a thíolacadh mar chuid d'iarratas, déanfar an doiciméad céannachta bunaidh a chóipeáil agus tabharfar ar ais don iarratasóir é i bpearsa tráth tíolactha agus fíoraithe an doiciméid lena mbaineann.
- Déanfar iarratais neamhiomlána agus iarratais nach bhfuil an cruthúnas riachtanach ar chéannacht ag gabháil leo a chur ar ais chuig an iarratasóir agus ní bhreithneofar tuilleadh iad go dtí go dtíolactar cruthúnas ar chéannacht laistigh den amscála riachtanach.
- Déanfar faisnéis maidir le leibhéal ghabhálacha a fhíorú trí úsáid a bhaint as taifid oifigiúla a shealbhaíonn Iascach Intíre Éireann.
- I gcás ina gceadaítear iarratas, ní mór don iarratasóir a bheith in ann na nósanna imeachta iomchuí maidir le himréiteach cánach a chomhlíonadh an tráth a n-íoctar an deontas.

- Ní dhéanfar íocaíochtaí ach amháin trí íocaíocht dhíreach chuig cuntas bainc an iarratasóra. In am trátha, beidh ar iarratasóirí a n-éiríonn leo na mionsonraí sin a chur ar fáil.
- Is é atá sa Dáta Deireanach chun glacadh le hlarratais ná **5.00 pm ar an 30 Samhain 2018**. Ní féidir glacadh le iarratais a fhaightear tar éis an dáta sin.

Conas an fhoirm iarratais seo a chomhlánú

- Iarrtar ort peann gránbhiorach **DUBH** a úsáid le linn an fhoirm seo a chomhlánú.
- Iarrtar ort **BLOCLITREACHA** a úsáid agus **cuir X** sna boscaí iomchuí.
- Priontáil litreacha agus uimhreacha go soiléir. Iarrtar ort na ceisteanna go léir a fhreagairt.
- Bí cinnte, le do thoil, go bhfuil na doiciméid tacaíochta go léir i gceangal le d'iarratas i.e. **Cruthúnas Infhíoraithe ar Chéannacht**
- Ní mór gach foirm iarratais chomhlánaithe a chur ar aghaidh chuig:

An Scéim Tacaíochta d'Iascairí Eascann
Iascach Intíre Éireann
Teach Breac
Oileán an Iarla
Gaillimh
H91 E2A2

Cuid 1: Do chuid Mionsonraí Pearsanta

Teideal:										
Túsainm(neacha):										
Do thúsainm mar a thaispeántar ar do dheimhniú breithe:										
Sloinne:										
Dáta Breithe: (LL/MM/BBBB)	<table border="1"><tr><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr></table>									
D'Uimh. PPS:	<table border="1"><tr><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr></table>									

*Tá gá le d'Uimh PPS ós rud é go bhfuil dliteanas cánach ann maidir leis an ngné den Scéim a bhaineann le gabhálacha.

Cuid 2: Mionsonraí Teagmhála:

Seoladh:	
Cén fhad atá tú i do chónaí ag an seoladh reatha?	
Seoladh roimhe seo: (Má d'athraigh tú seoladh sa tréimhse 2003-2007)	
Uimhir Theileafóin Líne Talún:	
Uimhir Fóin Póca:	
Seoladh Ríomhphoist:	

Cuid 3: Critéir Cháilitheachta

Ceanglas Éigeantach

Níl an scéim oscailte ach amháin do na daoine sin a raibh ceadúnas iascaireachta eascann de chuid Boird Réigiúnaigh Iascaigh (ceadúnas Stáit) acu nó a bhí ainmnithe i gcead iascaireachta eascann BSL sa bhliain 2007.

Íocaíocht ar bhonn Ceadúnais

- Déanfar an íocaíocht i leith an t-iarratasóir a bheith ina shealbhóir/sealbhóir ar cheadúnas/cead sa bhliain lena mbaineann seachas i leith gach ceadúnas/cead ar leith a shealbhaítear.
- Má bhí ceadúnas stáit ag ceadúnaí, agus más rud é go raibh sé/sí ina shealbhóir/sealbhóir ar Chead BSL an bhliain chéanna, gheobhaidh sé/sí an chreidiúint iomlán maidir leis an gceadúnas a shealbhú don bhliain lena mbaineann.
- I gcás ina raibh Ceadanna BSL á sealbhú faoi dhá ainm, déanfar íocaíochtaí ar bhonn ceadúnais a roinnt go cothrom idir na daoine ainmnithe.
- Ní bhaineann an Scéim seo le hainmnithe ar cheadúnais iascaireachta eascann.

Íocaíocht ar bhonn Gabhála

- Déanfar íocaíocht inchánach ar bhonn thuairisceáin na gabhála dearbhaithe a sholáthraítear d'Iascach Intíre Éireann nó do BSL le haghaidh na mblianta lena mbaineann, ar íocaíocht mheánaithe í i dtaca leis an líon blianta tagra (2003 - 2007).
- Má tá dhá ainm ar chead BSL, déantar an ghabháil a roinnt go cothrom idir an bheirt iascairí ainmnithe.

Dearbhú:

Daingním go bhfuil ceadúnas Stáit iascaireachta eascann agam nó go bhfuil cead iascaireachta eascann agam a d'eisigh BSL don bhliain 2017.

An Cineál Ceadúnais/Ceada	Cuir tic sa bhosca cuí
Ceadúnas Iascaireachta Eascann Stáit	
Cead Iascaireachta Eascann BSL	

Síniú:		Dáta:
--------	--	-------

(Ná húsáid Bloclitreacha)

Cuid 4-An Cineál Ceadúnais & An Bhliain inar Sealbhaíodh

Colún 1 – An Bhliain inar sealbhaíodh an Ceadúnas/Cead -Cuir isteach “x” maidir le gach bliain inar shealbhaigh tú ceadúnas iascaireachta eascann Stáit agus/ nó cead eascann BSL.

Colún 2 – An Cineál Ceadúnas, i.e. Cuir isteach “X” más rud é go raibh ceadúnas iascaireachta eascann Stáit agus/ nó cead iascaireachta eascann BSL agat.

Bliain	Colún 1 An Bhliain inar Sealbhaíodh an Ceadúnas/Cead Cuir isteach “X”	Colún 2 An Cineál Ceadúnais Cuir isteach X
2003		Ceadúnas iascaireachta Eascann Stáit
		Cead iascaireachta Eascann BSL
2004		Ceadúnas iascaireachta Eascann Stáit
		Cead iascaireachta Eascann BSL
2005		Ceadúnas iascaireachta Eascann Stáit
		Cead iascaireachta Eascann BSL
2006		Ceadúnas iascaireachta Eascann Stáit
		Cead iascaireachta Eascann BSL
2007		Ceadúnas iascaireachta Eascann Stáit
		Cead iascaireachta Eascann BSL

Cuid 5: Dearbhú

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis ar fad atá tugtha agam ar an bhfoirm seo cruinn. Daingním gur léigh mé, agus go dtuigim, téarmaí agus coinníollacha na Scéime Tacaíochta d'Iascairí Eascann atá leagtha amach sa leabhrán faisnéise maidir leis an Scéim Tacaíochta d'Iascairí Eascann. Aontaím go gcloífidh mé leis na téarmaí agus na coinníollacha.

Síniú (ná húsáid bloclitreacha)

Dáta: _____

Ráiteas Cosanta Sonraí

Déanann Iascach Intíre Éireann d'fhaisnéis phearsanta a bhailiú agus a phróiseáil de réir Rialachán AE 2016/679, is é sin, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Maidir le haon fhaisnéis phearsanta a thugann tú d'Iascach Intíre Éireann, déileálfar léi de réir na gcaighdeán is airde ó thaobh slándála agus rúndachta de agus go hiomlán de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach an Fógra Príobháideachais atá iniata nó tabhair cuairt ar láithreán gréasáin Iascach Intíre Éireann.